AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Fógra faoi shuirbhé ar líne faoi chomhlíontacht

A Phríomhoide, a chara,

Ta suirbhé á dhéanamh ag an Roinn ar gach iar-bhunscoil le foghlaim conas mar atá na riachtanais don Treoir mar atá in imlitreacha 01/2016, 02/2016 agus 03/2016 á chomhlíonadh ag scoileanna. Tugann an litir seo **réamhfhógra faoin suirbhé a dhéanfar i mí Mheán Fómhair 2017.** Tá comhairle ar fáil sa litir freisin faoin tslí leis an suirbhé ar líne a chomhlánú.

Cuspóir an tsuirbhé
Gníomhaíocht scoile-uile í an Treoir ina ndéanann gach scoil plean scoile don treoir a fhorbairt go comhghuallaíoch chun tacú le riachtanais a ndaltaí. In imlitir/imlitreacha a eisíodh i 2016, ina raibh leagan amach ar leithdháileadh na bpost teagaisc don scoilbhliain 2016/2017, cuireadh 300 post breise ar fáil mar thoradh ar athrú sa chóimheas idir daltaí agus múinteoir. Bhí sé i gceist leis seo go mbeadh ar chumas gach scoil socruithe a dhéanamh faoin tslí is fearr leis an acmhainn bhreise a leithdháileadh, mar chomhlánú ar na hacmhainní a bhí ag an scoil cheana, chun freastal sa tslí is fearr ar riachtanais treorach na scoile de réir phlean treorach na scoile.

Is é cuspóir an tsuirbhé ná eolas cruinn a chur le chéile ar úsáid an leithdháilte iomlán don Treoir in iar-bhunscoileanna agus a fhoghlaim, ach go háirithe, conas mar a rinneadh an acmhainn bhreise a úsáid i 2016.

Conas mar a úsáidfear eolas an tsuirbhé?
Bainfear úsáid as na sonraí mar bhonn eolais d'fhorbairt polasaí. Cruthóidh sé freisin **bonnlíne sonraí don dara suirbhé a dhéanfar ag deireadh na scoilbhliana 2017-2018, a dhíreoidh ar úsáid an tsoláthair acmhainní feabhsaithe don Phlean Scoile Uile don Treoir mar atá in imlitreacha 10/2017, 11/2017 agus 12/2017.** Leis na himlitreacha seo, is mian leis an Aire go n-athróidh scoileanna a bPleananna don Treoir chun Gníomh 9.1 sa Phlean Gníomhaíochta don Oideachas 2017 a shásamh ina luaitear go mbeidh ceanglas ar scoileanna "leithdháileadh ama ar leith a áireamh do threoirchomhairleoirí a bheith ar fáil do threoirchomhairleoireacht duine le duine do scoláirí agus leithdháileadh ama don ról ag tacú leis an bhFoireann Tacaíochta Scoláirí."

Ag ullmhú don suirbhé
Tá gá ag an scoil roinnt ullmhúcháin a dhéanamh don suirbhé. Caithfear an t-eolas ábhartha a bhailiú agus, dá bhrí sin, tá fáil ar na ceisteanna suirbhé ar líne anois ar láithreán gréasáin an LNTO (NCGE) http://www.ncge.ie/school-guidance-compliance-return/. Tá treoir ann freisin chun an suirbhé a chomhlánú. Tá fáil freisin ar an LNTO chun comhairle agus tacaíocht a sholáthar le linn na tréimhse ullmhúcháin.

Comhlánú an tsuirbhé
Is féidir an suirbhé ar líne a rochtain, ó lár mhí an Mheithimh ar aghaidh, ar láithreán gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna. Tá comhairle shoiléir faoin tslí leis an suirbhé a chomhlánú sa 'nóta fáilte ar líne' ar leathanach gréasáin an cheistneora seo ná **26 Deireadh Fómhair 2017.**

Bain úsáid as ainm úsáideora agus pasfhocal, mar atá anseo, nuair a bhíonn gá leo. Tá na focail cásíogair.

Ainm Úsáideora:
Pasfhocal:

Cuirfear litir eile amach chugat i mí Mheán Fómhair ag míniú duit conas an suirbhé a fhreagairt. Cuir an fógra seo faoi bhráid bhord bhainistíochta do scoile, le do thoil.

Eamonn Moran
Phríomhoifigeach
An Roinn Oideachais agus Scileanna

Mí Bealtaine 2017